



An Bhruiséil, 25 Samhain 2016
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0359 (COD)**

14875/16
ADD 2

JUSTCIV 310
EJUSTICE 191
ECOFIN 1120
COMPET 617
EMPL 500
IA 120
CODEC 1744

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Samhain 2016
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2016) 358 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creatáil um athstruchtúrú coisctheach, dara deis agus bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta athstruchtúraithe, dócmhainneachta agus urscaoilte a fheabhsú agus lena leasaítear Treoir 2012/30/AE

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2016) 358 final.

Faoi iamh: SWD(2016) 358 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 22.11.2016
SWD(2016) 358 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

**maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, dara deis agus bearta chun
éifeachtúlacht nósanna imeachta athstruchtúraithe, dócmhainneachta agus urscaoilte a
fheabhsú agus lena leasaítear Treoir 2012/30/AE**

{COM(2016) 723 final}
{SWD(2016) 357 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh Treoir maidir le creataí um athstruchtúráil coisctheach, dara deis agus bearta chun éifeachtúlacht na nósanna imeachta athstruchtúraithe, dócmhainneachta agus urscaoilte a fheabhsú agus lena leasaítear Treoir 2012/30/AE

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Tugann an togra aghaidh ar na príomhfhadhbanna seo a leanas: (i) deiseanna cailte agus costais a ghintear de bharr bacainní ar infheistíocht trasteorann a bhaineann le creataí dócmhainneachta, (ii) buntáistí tarscaoilte agus costais bhreise ar chreidiúnaithe agus ar fhéichiúnaithe a bhaineann le leachtú cuideachtaí inmharthana, (iii) deiseanna cailte agus costais bhreise ar dhaoine nádúrtha a bhaineann le neamhéifeachtúlachtaí i gcreataí dócmhainneachta i dtaca le tús nua.

Eascraíonn na fadhbanna sin as difríochtaí i sraitheanna náisiúnta rialacha náisiúnta maidir leis na nithe seo a leanas: (a) féidearthacht athstruchtúraithe ag céim luath, (b) bac ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe (moratorium), (c) féichiúnaí i seilbh, (d) pleananna athstruchtúraithe a ullmhú agus a ghlacadh, (e) maoiniú nua a chur ar fáil in athstruchtúráil, (f) déine agus caighdeán cúirteanna agus rannpháirtíocht riarthóirí dócmhainneachta, (g) athstruchtúráil fiachais i gcomhair daoine nádúrtha, lena n-áirítear urscaoileadh agus dara deis.

Gineann difríochtaí idir creataí athstruchtúraithe agus dara deis sna Ballstáit éagsúla éiginnteacht leanúnach dhlíthiúil, costais bhreise ar infheisteoirí maidir lena gcuid rioscaí a mheas, agus bacainní seasmhacha ar athstruchtúráil éifeachtúil a dhéanamh ar chuideachtaí inmharthana san Aontas Eorpach, lena n-áirítear grúpaí fiontraíochta trasteorann.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Cuspóirí ginearálta:

1. Laghdú a dhéanamh ar na bacainní ar infheistíocht trasteorann a bhfuil baint acu le creataí athstruchtúraithe agus dócmhainneachta agus méadú a dhéanamh ar infheistíocht agus ar dheiseanna fostaíochta sa mhargadh aonair
2. Laghdú a dhéanamh ar líon na gcuideachtaí inmharthana atá á leachtú gan ghá agus na féidearthachtaí a bhaineann le hathstruchtúráil trasteorann sa mhargadh aonair a mhéadú
3. Laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le tús nua a thabhairt d'fhiontraíthe macánta agus méadú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann dóibh chun tús nua a dhéanamh.

I gcoitinne, is é is aidhm don tionscnamh gnéithe áirithe de na forálacha a bhaineann le hathstruchtúráil agus dara deis a chomhchuíbhíú.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Ní féidir leis na Ballstáit a áirithiú astu féin go mbeidh a réimis dócmhainneachta agus athstruchtúraithe comhoiriúnach. Tá sé riachtanach do mhargadh inmheánach AE a fheidhmiú go maith go mbeadh creat athstruchtúraithe agus dara deis comhleanúnach ann atá ábalta aghaidh a thabhairt ar an ngné trasteorann a bhaineann le gnólachtaí, mar go bhfuil idirghníomhaíocht idir cuideachtaí atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla tar éis éirí níos coitianta. Cuirfidh gníomhaíocht ar leibhéal AE luach leis trí infheistíocht trasteorann san Aontas a éascú, rud a áiritheoidh go mbainfidh gnólachtaí inmharthana a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu tairbhe as rogha níos leithne d'uirlisí inrochtana a bhfuil sé mar aidhm acu a ndócmhainneacht a chosc; ag an am céanna, beidh tairbhe le fáil ag fiontraíthe ón bhféidearthacht feidhm a bhaint as tréimhsí réasúnta urscaoilte ina gcuid Ballstát. Cruthóidh na rialacha atá molta deimhneacht dhlíthiúil do chreidiúnaithe agus d'infheisteoirí atá ag iarraidh iasachtaí a thabhairt i mBallstáit eile.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Rinneadh na roghanna ardleibhéal seo a leanas a bhreithniú:

Rogha 1: An status quo (cás bonnlíne) a choinneáil

Rogha 2: Nós imeachta um athstruchtúráil coisctheach atá comhchuibhithe go hiomlán agus creat dara deis a bhunú

Rogha 3: Réimeas malartach, roghnach AE um athstruchtúráil agus dara deis a thabhairt isteach

Rogha 4: Creat dlí íosta comhchuibhithe a bhunú i réimse an athstruchtúraithe agus dara deis d'fhiontraithe
Chun na cuspóirí thuas a bhaint amach, tá fo-roghanna substaintiúla beartaithe. San áireamh sna fo-roghanna substaintiúla sin tá (i) féidearthachtaí maidir le luath-athstruchtúráil éifeachtúil a chumasú, (ii) deiseanna i gcomhair idirbheartaíochta a fheabhsú trí "spás anála" a cheadú don fhéichiúnaí le bac ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe (moratorium), (iii) leanúint d'fheidhmiú ghnólacht an fhéichiúnaí a éascú fad atá athstruchtúráil ar siúl, (iv) gan cead a thabhairt do chreidiúnaithe easaontacha mionlaigh agus do scairshealbhóirí an iarracht athstruchtúraithe a chur i mbaol agus ag an am céanna a gcuid leasanna a choimirciú, (v) gach deis a thabhairt don phlean athstruchtúraithe chun gur mó an seans go mbeidh rath air (vi) éifeachtacht na nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúráil, dócmhainneacht agus dara deis a fheabhsú agus a bhfad a ghiorrú, (vii) urscaoileadh fiontraithe laistigh de thréimhse ama réasúnta (3 bliana) a chumasú.

Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Tacaíonn formhór na mBallstát le cuspóirí an Choimisiúin maidir le creataí luath-athstruchtúraithe agus dara deis a fheabhsú, ach áitíonn siad gur chóir go bhfágfaí comhchuibhiú ar leibhéal na bprionsabal mar gheall ar naisc chasta le réimsí eile den dlí amhail dlí na gcuideachtaí. Maidir leis na páirtithe leasmhara, thacaigh eagraíochtaí gnó, cumainn gairmithe, institiúidí airgeadais, eagraíochtaí tomhaltóirí, ceardchumainn agus acadóirí i gcoitinne le rialacha comhchuibhithe íosta maidir le luath-athstruchtúráil agus cur chuige dara deis agus d'fháiltigh siad roimh an smaoineamh go mbeadh creat dócmhainneachta éifeachtúil agus cost-éifeachtúil AE ann d'fhonn gnólachtaí inmharthana a shábháil. Chuir siad in iúl go láidir freisin gur cheart cur chuige cothrom a bheartú, a dhéanfadh leasanna na bpáirtithe leasmhara go léir a choimirciú agus a choisceadh baol morálta. Mar sin féin, bhí earnáil na baincfeireachta agus cuid de na páirtithe leasmhara eile den tuairim nár cheart urscaoileadh tomhaltóirí a chumhdach leis an tionscnamh seo. Tacaíonn Parlaimint na hEorpa le comhchuibhiú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den athstruchtúráil agus leagann sí béim ar dhara deis a áirithiú do gach duine nádúrtha.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta?

Faoin rogha tosaíochta ba mhó seans go ndéanfaí athstruchtúráil ar líon níos mó de ghrúpaí trasteorann mar go bhfuil na costais a bhaineann lena leithéid a dhéanamh ró-ard faoi láthair. D'fhéadfadh na tionchair a bheith suntasach i roinnt de na Ballstáit (BG, DK, SK, SI, HR, CY, EE, IE, LT, LU, NL, PL, RO). Mar thoradh air sin, tiocfaidh laghdú suntasach ar líon na bpost a chaillfeadh de bharr dócmhainneachta (meastar go gcailltear 1.7 milliún in aghaidh na bliana faoi láthair). Déantar díghiaráil níos tapa ar iasachtaí neamhthuillmheacha mar thoradh ar nósanna imeachta coisctheacha éifeachtúla. Seachas gaol suntasach diúltach a bheith idir díghiaráil chorparáideach agus fás OTI (bíonn thart ar 0.4 pointe céatadán níos lú fáis ar OTI mar thoradh ar laghdú 1 phointe céatadán sa chóimheas idir fiachas agus sócmhainní airgeadais), ba cheart go dtiocfadh méadú ar rátaí téarnaimh mar thoradh ar an rogha tosaíochta, agus mar thoradh air sin arís, go dtiocfadh laghdú ar chostais iasachtaí (tá fás 10 bpointe céatadán sa ráta ionchasach téarnaimh bainteach le titim 37 mbonnphointe sa raon difríochta bannaí). Cuirfidh an rogha tosaíochta méadú ar an ráta féinfhostaíochta, mar go dtagann méadú ar an ráta féinfhostaíochta de bharr giorrú a dhéanamh ar an tréimhse urscaoilte i mBallstáit amhail HU, IT, LT, MT, PT agus RO ina bhfuil tréimhsí urscaoilte níos faide ná an tréimhse 3 bliana. Ceaptar go gcruthófar 3 mhilliún post nua mar thoradh air sin.

Cad iad costais na rogha tosaíochta?

Caithfidh roinnt de na Ballstáit nós imeachta coisctheach a chur i bhfeidhm nó nós imeachta a mbeidh urscaoileadh fiachais mar thoradh air, nó oiriúnú a dhéanamh ar nós imeachta atá fógartha cheana féin faoi Iarscríbhinn A den Rialachán Dócmhainneachta. D'fhéadfadh gá a bheith le roinnt athruithe a dhéanamh ar dhlí na gcuideachtaí chun na forálacha maidir le suíomh scairshealbhóirí in athstruchtúráil a chur chun feidhme.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Déanfaidh an rogha tosaíochta laghdú ar na costais a bhaineann le hathstruchtúráil a dhéanamh ar FBManna, trí bhearta amhail rannpháirtíocht chúirte a laghdú, laghdú a dhéanamh ar na cásanna ina bhfuil gá cleachtóirí athstruchtúraithe a cheapadh agus foráil a dhéanamh do shamhlacha de phleananna

athstruchtúraithe náisiúnta. Ba cheart go mbeadh fáil níos éasca ar chreidmheas trasteorann i gcomhair FBManna: chuirfeadh nós imeachta athstruchtúraithe a bheadh éifeachtúil ar chumas FBManna téarnamh níos fearr a dhéanamh ná dá mbeadh an féichiúnaí dócmhainneach, ó tharla go mbíonn rátaí téarnaimh na gcreidiúnaithe níos airde de ghnáth nuair a cheadaíonn an creat dócmhainneachta luath-athstruchtúru éifeachtúil a dhéanamh ar ghnóthais inmharthana agus réiteach thapa a dhéanamh ar na cinn nach bhfuil inmharthana. Déanfaidh coinníollacha níos fearr maidir le tús nua tar éis teipe laghdú ar ráta báis cuideachtaí agus ar na héifeachtaí iarmhartacha a bhíonn ag dócmhainneachtaí gaolmhara sa slabhra soláthair. Spreagfar fiontraíocht agus nuálaíocht.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Ní imreofar. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá do na Ballstáit ina bhfuil nósanna imeachta coisctheacha nó nósanna imeachta a mbeadh urscaoileadh mar thoradh orthu á dtabhairt isteach den chéad uair, oiliúint a chur ar fáil dá n-údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin agus b'fhéidir freisin do chleachtóirí. Is costais oiliúna aon uaire, sa réimse €950-1300 in aghaidh an bhreithiúna, a bheadh i gceist sna tíortha sin ina bhfuil nós imeachta coisctheach á úsáid den chéad uair. Beidh ar na Ballstáit nach bhfuil ag bailiú sonraí faoi láthair uirlisí bailithe sonraí den sórt sin a chur i bhfeidhm, ach ní dócha go mbeidh costais arda ag baint leo, go háirithe má tá na nósanna imeachta digitithe cheana féin. Tá digitiú nósanna imeachta á thabhairt isteach cheana féin ag formhór na mBallstát mar chuid de thionscnaimh Ríomhsheirbhísí Rialtais.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Ní bheidh.

D. Iarobair

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo.